CINNEADH (AE) 2022/756 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meán Fómhair 2021

maidir le bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (2011/C) (ex 2011/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil agus ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2021)6990)

(Is é an leagan Iodáilise an t-aon leagan atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1)(a) de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na forála nó na bhforálacha atá luaite thuas ([1]) agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. **NÓS IMEACHTA**

(1) An 6 Lúnasa 1999, chinn an Coimisiún an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE") a thionscnamh i leith na cabhrach arna híoc ar bhonn na gconarthaí seirbhíse poiblí tosaigh ("na Coinbhinsiúin tosaigh") leis na sé chuideachta a bhí mar chuid de Ghrúpa Tirrenia ag an am ([2]).

(2) Le linn chéim an imscrúdaithe, d'iarr údaráis na hIodáile go roinnfí cás Ghrúpa Tirrenia, ionas go bhféadfaí tosaíocht a thabhairt do theacht ar chinneadh críochnaitheach maidir le Tirrenia di Navigazione ("Tirrenia") amháin. Rinneadh an iarraidh sin de bharr an phlean a bhí ag údaráis na hIodáile an Grúpa a phríobháidiú, ag tosú le Tirrenia, agus mar gheall ar an rún a bhí acu luas a chur faoin bpróiseas i ndáil leis an gcuideachta sin.

(3) D'aontaigh an Coimisiún leis an iarraidh a rinne údaráis na hIodáile, agus le Cinneadh 2001/851/CE ón gCoimisiún ([3]) chuir sé clabhsúr leis an nós imeachta a tionscnaíodh i leith na cabhrach arna deonú do Tirrenia ("Cinneadh 2001"). Dearbhaíodh go raibh an chabhair comhoiriúnach faoi réir gealltanas áirithe a thug údaráis na hIodáile.

(4) Le Cinneadh 2005/163/CE ón gCoimisiún ([4]) ("Cinneadh 2004"), dhearbhaigh an Coimisiún go raibh cuid den chúiteamh a deonaíodh do chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia seachas Tirrenia ([5]) comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, go raibh cuid de comhoiriúnach ar choinníoll gur tugadh urraim do ghealltanais áirithe a thug údaráis na hIodáile, agus go raibh cuid de comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Bhí an cinneadh bunaithe ar shonraí cuntasaíochta ó na blianta 1992 go 2001 agus áiríodh leis coinníollacha chun comhoiriúnacht an chúitimh a áirithiú ar feadh achar iomlán na gCoinbhinsiún tosaigh (i.e., go dtí 2008).

(5) Le breithiúnas an 4 Márta 2009 sna cásanna T-265/04, T-292/04 agus T-504/04 ([6]) ("Cinneadh 2009") chuir an Chúirt Ghinearálta Cinneadh 2004 ar neamhní.

([1]) IO C 28 an 1.2.2012, lch. 18 agus IO C 84 an 22.3.2013, lch. 58.

([2]) IO C 306 de 23.10.1999, lch. 2. Is iad na cuideachtaí Tirrenia di Navigazione S.p.A., Adriatica S.p.A., Caremar – Campania Regionale Maritima S.p.A., Saremar – Sardegna Regionale Marittima S.p.A., Siremar – Sicilia Regionale Marittima S.p.A., agus Toremar – Toscana Regionale Marittima S.p.A a bhí in iar-Ghrúpa Tirrenia.

([3]) Cinneadh 2001/851/CE ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2001 maidir leis an Státchabhair arna deonú ag an Iodáil don chuideachta loingseoireachta Tirrenia di Navigazione (IO L 318, 4.12.2001, lch. 9).

([4]) Cinneadh 2005/163/CE ón gCoimisiún an 16 Márta 2004 maidir leis an Státchabhair a d'íoc an Iodáil le cuideachtaí loingseoireachta Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar (Grúpa Tirrenia) (IO L 053, 26.02.2005, lch. 29).

([5]) Go háirithe: Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar.

([6]) Cásanna Uamtha T-265/04, T-292/04 agus T-504/04 *Tirrenia di Navigazione v An Coimisiún*, ECLI:AE:T:2009:48.

(6) Le Cinneadh C(2011)6961 uaidh ("Cinneadh 2011") ([7]), chuir an Coimisiún an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil i leith bearta éagsúla arna nglacadh ag an Iodáil i bhfabhar chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia ar bun an 5 Deireadh Fómhair 2011. Bhain an t-imscrúdú *inter alia* leis na gcúiteamh a deonaíodh do Saremar – Sardegna Regionale Marittima ("Saremar") chun roinnt bealaí muirí a oibriú ón 1 Eanáir 2009 agus le roinnt beart eile a deonaíodh don chuideachta sin.

(7) Foilsíodh Cinneadh 2011 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoi na bearta faoi imscrúdú.

(8) Chuir an Coimisiún síneadh leis an nós imeachta imscrúdaithe an 7 Samhain 2012 *inter alia* i leith bearta breise tacaíochta áirithe arna ndeonú ag Réigiún na Sairdíne do Saremar. Ghlac an Coimisiún leagan leasaithe ([8]) den Chinneadh sin an 19 Nollaig 2012 (Cinneadh C(2012) 9452 ón gCoimisiún, "Cinneadh 2012").

(9) Foilsíodh Cinneadh 2012 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([9]). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoi na bearta faoi imscrúdú.

(10) I litir an 14 Bealtaine 2013, d'iarr Réigiún na Sairdíne ar an gCoimisiún na bearta maidir le Saremar a dheighilt ón nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a cuireadh ar bun le Cinneadh 2011 agus Cinneadh 2012 agus tosaíocht a thabhairt do na bearta sin, go háirithe i bhfianaise phríobháidiú na cuideachta a bhí ar tí tarlú.

(11) D'aontaigh an Coimisiún leis an iarraidh a rinne údaráis na Sairdíne agus, trí Chinneadh (AE) 2018/261 ón gCoimisiún ([10]) ("Cinneadh 2014"), chuir sé clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil i dtaca le bearta áirithe arna nglacadh ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar. As na cúig bheart a ghlac Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar, rinneadh measúnú ar cheithre cinn acu i gCinneadh 2014, agus ba é tionscadal "Bonus Sardo – Vacanza" an eisceacht sa chás sin (féach aithris (29) den Chinneadh seo).

(12) Thionscain Saremar agus Réigiún na Sairdíne gníomhaíochtaí chun Cinneadh 2014 a neamhniú sa Chúirt Ghinearálta. Dhíbh an Chúirt Ghinearálta na gníomhaíochtaí sin lena Breithiúnais an 6 Aibreán 2017 i gCás T-219/14 ([11]) agus i gCás T-220/14 ([12]). Ní dhearna Saremar ná Réigiún na Sairdíne achomharc a thaisceadh i leith na mbreithiúnas sin, ar breithiúnais chríochnaitheacha anois iad.

(13) Le Cinneadh (AE) 2020/1411 ón gCoimisiún ([13]), thug an Coimisiún an t-imscrúdú ar chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia seachas Tirrenia i gcrích le haghaidh na tréimhse 1992-2008. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chabhair a bhí ann cheana a bhí sa chabhair a deonaíodh chun seirbhísí iompair cabatáiste muirí a sholáthar, fad agus a bhí an chabhair a deonaíodh chun seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta a sholáthar comhoiriúnach le Creat 2011 um sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ("SGEI") ("Creat SGEI 2011") ([14]).

(14) Le Cinneadh (AE) 2020/1412 ón gCoimisiún ([15]), chuir an Coimisiún clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil maidir leis na bearta a deonaíodh do Tirrenia agus dá fhaighteoir CIN, don tréimhse 2009-2020.

([7]) IO C 28, 1.02.2012, lch. 18.
([8]) Bhain na leasuithe uile le bearta i bhfabhar Saremar.
([9]) IO C 84, 22.03.2013, lch. 58.
([10]) Cinneadh (AE) 2018/261 ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2014 maidir leis na bearta SA.32014 (2011/C), SA.32015 (2011/C), SA.32016 (2011/C) arna gcur chun feidhme ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar (ar tugadh fógra fúthu faoin doiciméad C(2013) 9101) (IO L 49 an 22.2.2018, lch. 22).
([11]) Cás T-219/14 *Regione autonoma della Sardegna v. An Coimisiún*, ECLI:AE:T:2017:266.
([12]) Cás T-220/14 *Saremar v. An Coimisiún* ECLI:AE:T:2017:267.
([13]) Cinneadh (AE) 2020/1411 an 2 Márta 2020 ón gCoimisiún maidir leis an Státchabhair Uimh. C 64/99 (ex NN 68/99) arna cur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh cuideachtaí loingseoireachta Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar (Grúpa Tirrenia) (IO L 332, 12.10.2020, lch. 1–44).
([14]) Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal: An Creat Eorpach um Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí (IO C 8, 11.01.2012, lch. 15-22).
([15]) Cinneadh (AE) 2020/141 an 2 Márta 2020 ón gCoimisiún maidir leis na bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (11/C) (ex 11/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh Tirrenia di Navigazione agus a fhaighteoir Compagnia Italiana di Navigazione (IO L 332, 12.10.2020, lch. 45–139).

(15) Le Cinneadh (AE) 2021/4268 ón gCoimisiún ([16]) agus Cinneadh (AE) 2021/4271 ón gCoimisiún ([17]), chuir an Coimisiún clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil maidir leis na bearta a deonaíodh do Siremar agus do Toremar agus dá bhfaighteoirí, le haghaidh na tréimhse ó 2009 ar aghaidh.

(16) Ní bhaineann an Cinneadh seo ach le bearta i bhfabhar Saremar a sainaithníodh i gCinneadh 2011 agus i gCinneadh 2012 ar bearta iad nár cumhdaíodh le Cinneadh 2014, mar a mhínítear in aithrisí (28) agus (29). Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar na bearta uile atá faoi réir Chinneadh 2011 agus Chinneadh 2012, faoi chás-uimhreacha SA.32014, SA.32015 agus SA.32016, agus déanfaidh sé amhlaidh i gcinntí ar leithligh. Go háirithe, baineann na bearta sin uile atá fágtha le cuideachtaí eile iar-Ghrúpa Tirrenia (i.e. Caremar, Laziomar, Saremar agus Toremar).

2. **Cúlra agus tuairisc ar na bearta atá faoi réir imscrúdaithe**

2.1. **Cúlra**

2.1.1. *Na Coinbhinsiúin tosaigh*

(17) Ba le Stát na hIodáile tríd an gcuideachta Finanziaria per i Settori Industriale e dei Servizi S.p.A ("Fintecna") ([18]) Grúpa Tirrenia ar dtús agus bhí sé chuideachta i gceist leis, is iad sin Tirrenia, Adriatica, Caremar, Saremar, Siremar agus Toremar. Sholáthair na cuideachtaí sin seirbhísí iompair mhuirí faoi chonarthaí seirbhíse poiblí ar leithligh a tugadh i gcrích in 1991 le Stát na hIodáile, agus a bhí i bhfeidhm ar feadh scór bliain idir mí Eanáir 1989 agus mí na Nollag 2008 (na Coinbhinsiúin tosaigh). Bhí 100 % de scairchaipiteal Tirrenia ag Fintecna. Bhí úinéireacht iomlán ag Tirrenia ar Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar (le chéile, "na cuideachtaí réigiúnacha"). Rinne Adriatica, a bhíodh ag feidhmiú roinnt bealaí idir an Iodáil agus an Albáin, an Chróit, an Ghréig agus Montainéagró, cónascadh le Tirrenia in 2004.

(18) Ba é cuspóir na gCoinbhinsiún tosaigh tráthrialtacht agus iontaofacht líon mór seirbhísí iompair mhuirí a ráthú, seirbhísí a nascfadh mórthír na hIodáile leis an tSicil, leis an tSairdín agus le hoileáin eile de chuid na hIodáile atá níos lú, go príomha. Chuige sin, dheonaigh Stát na hIodáile tacaíocht airgeadais i bhfoirm fóirdheontas a íocadh go díreach le gach ceann de chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia.

(19) D'oibrigh Saremar naisc chabatáiste áirithe, de chineál áitiúil amháin, idir an tSairdín agus na hoileáin soir ó thuaidh agus siar ó dheas uaithi, agus nasc idirnáisiúnta leis an gCorsaic, faoin gCoinbhinsiún tosaigh leis an Stát.

2.1.2. *Fadú na gCoinbhinsiún tosaigh*

(20) Fadaíodh na Coinbhinsiúin tosaigh, lena n-áirítear an ceann ab infheidhme maidir le Siremar, 3 huaire.

(21) Ar dtús, le hAirteagal 26 de Dhlí Foraithne Uimh. 207 an 30 Nollaig 2008 ("Dlí Foraithne 207/2008"), a tiontaíodh i nDlí Uimh. 14 an 27 Feabhra 2009, lenar leagadh síos fadú na gCoinbhinsiún tosaigh, a bhí ar tí dul in éag ar dtús an 31 Nollaig 2008, go dtí an 31 Nollaig 2009.

(22) Ansin, le hAirteagal 19 de Dhlí Foraithne Uimh. 135 an 25 Meán Fómhair 2009 ("Dlí Foraithne 135/2009"), a tiontaíodh i nDlí Uimh. 166 an 20 Samhain 2009 ("Dlí 2009"), inar leagadh síos, i bhfianaise phríobháidiú chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia, go ndéanfaí scairsheilbhe na gcuideachtaí réigiúnacha, gan Siremar san áireamh, a aistriú ón máthairchuideachta Tirrenia, mar a leanas:

(a) Caremar chuig Réigiún Campania. Ina dhiaidh sin, d'aistrigh Réigiún Campania an gnóthas leantach lenar feidhmíodh na naisc iompair le hoileánra Pontino le Réigiún Lazio (agus ag bunú Laziomar dá réir sin) ([19]);

(b) Saremar chuig Réigiún na Sairdíne;

([16]) Nach bhfuil foilsithe fós in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
([17]) Nach bhfuil foilsithe fós in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
([18]) Tá Fintecna faoi úinéireacht iomlán Aireacht Geilleagair agus Airgeadais ("Aireacht Geilleagair") agus tá saineolas speisialta aige maidir le próisis scairsheilbhe agus príobháidithe, chomh maith le bheith ag láimhseáil tionscadal chun cuideachtaí a bhfuil deacrachtaí tionsclaíocha, airgeadais nó eagraíochtúla acu a chuíchóiriú agus a athstruchtúrú.
([19]) Cuireadh an t-aistriú sin ar bhonn foirmiúil an 1 Meitheamh 2011.

(c) Toremar chuig Réigiún na Tuscáine.

(23) Sonraíodh i nDlí 2009 freisin go ndéanaí na "Coinbhinsiúin" nua a chomhaontú idir Stát na hIodáile agus Tirrenia agus Siremar faoin 31 Nollaig 2009. Mar an gcéanna, dhéanfaí na seirbhísí réigiúnacha a chumhdach i gconarthaí nua seirbhíse poiblí, a bheadh le comhaontú idir Saremar, Toremar, agus Caremar agus na húdaráis réigiúnacha faoi seach faoin 31 Nollaig 2009 (an tSairdín agus an Tuscáin) agus an 28 Feabhra 2010 (Campania agus Lazio). Dhéanfaí na Coinbhinsiúin nó na Conarthaí Seirbhíse Poiblí nua a chur chun tairisceana in éineacht leis na cuideachtaí iad féin. Shíneodh úinéirí nua gach ceann de na cuideachtaí sin an Coinbhinsiún nó an Conradh Seirbhíse Poiblí faoi seach. ([20])

(24) Chuige sin, le Dlí 2009, cuireadh fadú breise leis na Coinbhinsiúin tosaigh (lena n-áirítear an ceann is infheidhme maidir le Toremar) ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 30 Meán Fómhair 2010.

(25) Ar deireadh, i nDlí Uimh. 163 an 1 Deireadh Fómhair 2010 lenar tiontaíodh Dlí Foraithne Uimh. 125 an 5 Lúnasa 2010 ("Dlí 2010"), leagadh síos fadú breise na gCoinbhinsiún tosaigh, lena n-áirítear an ceann ab infheidhme maidir le Siremar, ón 1 Deireadh Fómhair 2010 go dtí gur tugadh próisis phríobháidithe Tirrenia agus Siremar chun críche.

2.1.3. *Cur chun feidhme Chinneadh 2014*

(26) Le Cinneadh 2014 uaidh, dhearbhaigh an Coimisiún go raibh dhá bheart cabhrach a deonaíodh do Saremar neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach, agus suíodh nach Státchabhair a bhí in dhá bheart eile de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Sa chomhthéacs sin, d'ordaigh an Coimisiún go n-aisghabhfaí:

(a) EUR 10 milliún de chúiteamh a íocadh le Saremar as dhá bhealach bhreise a oibriú a nasc an tSairdín leis an mórthír;

(b) athchaipitliú beartaithe dar luach EUR 6 099 961 (ar íocadh EUR 824 309,69 de le Saremar cheana).

(27) Tá Cinneadh 2014 curtha chun feidhme ag an Iodáil, fiú má tá nósanna imeachta áirithe fós ar feitheamh tráth a ghlactar an cinneadh seo. Go háirithe:

(a) I litir dar dáta an 10 Aibreán 2015, thuairiscigh údaráis na hIodáile gur rialaigh Tribunale di Cagliari an 15 Eanáir 2015 go ligfí Saremar isteach i nós imeachta *concordato preventivo*. Ba é ab aidhm don nós imeachta sócmhainní uile Saremar a dhíol agus éilimh na gcreidiúnaithe a shásamh, gan aon leanúnachas gníomhaíochtaí gnó a bheith ag Saremar tar éis dáta ar leith (an 31 Nollaig 2015 a socraíodh i dtosach). Bhí na héilimh Státchabhrach cláraithe ag an rangú iomchuí agus bhí ús aisghabhála fabhraithe curtha san áireamh go dtí 1 Iúil 2014 ar EUR 11 131 231,60. Is é an dáta deireanach sin an dáta a d'iarr Saremar go ligfí isteach i nós imeachta *concordato preventivo* é, ar nós imeachta é, de réir dhlí na hIodáile, a chuireann stad le fabhrú úis ([21]);

(b) I litir dar dáta an 28 Deireadh Fómhair 2015, chuir údaráis na hIodáile an Coimisiún ar an eolas go raibh díolachán shoithí Saremar agus sannadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí arna n-oibriú ag Saremar le cur amach ar tairiscintí ar leithligh. Sheol siad an foraithne freisin a d'eisigh Tribunale di Cagliari an 22 Iúil 2015 inar bailíochtaíodh an *concordato preventivo* (dá ngairtear '*omologazione*') agus chuir siad an Coimisiún ar an eolas go raibh ocht léiriú spéise faighte i leith longa Saremar. I litir dar dáta an 21 Eanáir 2016, dheimhnigh údaráis na hIodáile go leanfadh Saremar air ag oibriú go dtí an 31 Márta 2016 agus go dtí an dáta sin amháin. Thuairiscigh siad freisin gur díoladh longa Saremar leis an gcuideachta Delcoservizi Srl ("Delcoservizi"), agus go raibh an t-aistriú iarbhír le tarlú faoin 30 Aibreán 2016 agus go raibh an nós imeachta chun an conradh seirbhíse poiblí a dheonú fós ar siúl agus go bhfuarthas dhá léiriú spéise ina leith;

(c) I litir dar dáta an 19 Bealtaine 2016, thuairiscigh údaráis na hIodáile gur deonaíodh an conradh seirbhíse poiblí don chuideachta Delcomar Srl ("Delcomar"). Dá réir sin, stad Saremar de naisc iompair mhuirí ar bith a oibriú an 31 Márta 2016 agus, ón 1 Aibreán 2016, tá Delcomar ag oibriú na seirbhíse poiblí. Chuir údaráis na hIodáile an Coimisiún ar an eolas freisin gur i ndiaidh aistriú shócmhainní Saremar, a tharla freisin an 31 Márta 2016, d'ordaigh Comhairle Réigiúnach na Sairdíne leachtú Saremar le Cinneadh Uimh. 24/23 an 22 Aibreán 2016 uaithi. Sa chinneadh sin, thug an Chomhairle Réigiúnach dá aire nach raibh aon chuspóir ag an gcuideachta a thuilleadh toisc gur scoir sí dá gníomhaíochtaí uile an 31 Márta 2016 agus gur gá í a leachtú, agus go raibh leachtaitheoir nua ceaptha ag an Réigiún;

([20]) Airteagal 19-*ter*, mír 10 de Dhlí Foraithne 135/2009.

([21]) Féach pointí 130 agus 133 maidir leis an bhFógra ón gCoimisiún maidir le gnóthú Státchabhrach atá neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a aisghabháil, C 247/1, 23 Iúil 2019.

(d) I litir dar dáta an 20 Iúil 2016, chuir údaráis na hIodáile an Coimisiún ar an eolas nach bhféadfaí ach EUR 4 452 226,42 a shannadh do na héilimh Státchabhrach (thart ar 40 % de na méideanna dlite), bunaithe ar na cistí a fuarthas ó leachtú shócmhainní Saremar agus ar sceideal na ndliteanas. Thairis sin, dheimhnigh siad go raibh Saremar ag scaoileadh lena fhoireann ar fad agus go mbainfí de chlár na gcuideachtaí é tráth a bheadh a leachtú críochnaithe, agus nach raibh aon nasc de chineál ar bith ann idir díoltóir (Saremar) agus ceannaitheoir (Delcoservizi) na sócmhainní. Ar deireadh, chuir údaráis na hIodáile fianaise ar fáil i litir dar dáta an 17 Iúil 2017 d'íocaíocht EUR 4 452 226,42 ó leachtaitheoirí Saremar leis an Réigiún.

2.2. **Bearta i raon feidhme Chinntí 2011 agus 2012**

(28) Bhí na bearta seo a leanas faoi réir measúnúcháin sa nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a cuireadh ar bun le Cinntí 2011 agus 2012:

(1) Cúiteamh chun SGEI a sholáthar faoi fhadú na gCoinbhinsiún tosaigh (beart 1);

(2) Fadú neamhdhleathach an chúnaimh tarrthála do Tirrenia agus Siremar (beart 2);

(3) Príobháidiú chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia ([22]) (beart 3);

(4) Cúiteamh a íocadh chun seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a fheidhmiú faoi na Coinbhinsiúin/Conarthaí Seirbhíse Poiblí amach anseo (beart 4);

(5) An tosaíocht feistithe (beart 5);

(6) Na bearta arna leagan síos le Dlí 2010 (beart 6);

(7) Cúig bheart bhreise arna nglacadh ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar (beart 7).

(29) Le Cinneadh 2014 uaidh, chuir an Coimisiún clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil maidir le ceithre cinn de na cúig bheart a ghlac Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar, dá dtagraítear thuas mar Bheart 7. Níor chuir sé clabhsúr, áfach, leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil maidir leis an gcúigiú beart: tionscadal Bonus Sardo – Vacanza ([23]). Dá bhrí sin, maidir le Saremar, níl seasamh glactha ag an gCoimisiún go fóill i leith chomhoiriúnacht bhearta 1, 3, 4, 5, 6 agus thionscadal Bonus Sardo – Vacanza leis an margadh inmheánach.

3. **Leachtú an tairbhí agus easpa leanúnachais eacnamaíoch**

(30) Meabhraíonn an Coimisiún gur ceapadh an córas grinnscrúdaithe *ex ante* a dhéanann an Coimisiún ar bhearta cabhrach nua dá bhforáiltear in Airteagal 108(3) CFAE chun go seachnófaí deonú cabhrach nach bhfuil comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ([24]). A mhéid a bhaineann sé le cabhair neamh-chomhoiriúnach, tá an Chúirt tar éis a chinneadh go comhsheasmhach gurb é is aidhm do chumhacht an Choimisiúin a iarraidh ar na Ballstáit cabhair a aisghabháil a mheasann an Coimisiún a bheith neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach ná an saobhadh iomaíochta dár thairbhigh an tairbhí de dheasca buntáiste iomaíoch a bhaint, ionas go n-athbhunófar dá réir an staid a bhí ann sular íocadh an chabhair sin ([25]). Mura bhfuil cuideachta in ann an chabhair a aisíoc, ceanglaítear ar an mBallstát lena mbaineann, de bharr chur chun feidhme na haisghabhála, leachtú na cuideachta ([26]) a chur faoi deara, i.e. scor a gníomhaíochtaí agus díol a sócmhainní faoi dhálaí an mhargaidh.

(31) I bhfocail eile, is é príomhsprioc an chórais rialaithe Státchabhrach deonú cabhrach neamh-chomhoiriúnaí a chosc. Mar thoradh air sin, má shaobhtar iomaíocht sa mhargadh inmheánach de dheasca eisíocaíocht cabhrach Stáit neamhdhleathaí agus neamh-chomhlíontaí, ní mór a áirithiú go n-athbhunaítear an staid a bhí ann sular tharla an saobhadh iomaíochta sin, trí leachtú an tairbhí, más gá.

([22]) Orthu sin tá an íocaíocht iarchurtha a rinne CIN ar chuid de phraghas ceannaigh chun brainse gnó Tirrenia a fháil agus roinnt beart cabhrach breise i gcomhthéacs phríobháidiú bhrainse gnó Siremar (e.g. frithráthaíocht agus méadú ar chaipiteal ag an Stát do CdI).

([23]) Sonraíodh i gCinneadh 2014 go ndéanfaí measúnú ar an tionscadal sin i gcinneadh ar leithligh.

([24]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 3 Márta 2020, *Vodafone Magyarország*, C-75/18, ECLI:AE:C:2020:139, mír 19.

([25]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 11 Nollaig 2012, *An Coimisiún v An Spáinn ('Magefesa II')*, C-610/10, ECLI:AE:C:2012:781, mír 105.

([26]) Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 17 Eanáir 2018 *An Coimisiún v An Ghréig ('United Textiles')*, C-363/16, ECLI:AE:C:2018:12, mír 36.

(32) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire go dtagraítear sna bearta atá ar feitheamh fós a shainaithnítear in aithrisí (28) agus (29) do Saremar, atá faoi leachtú anois, (beart 1 agus beart Bonus Sardo Vacanza), nó do chomharbaí Saremar i ndiaidh a phríobháidithe (bearta 3 agus 4), nó don dá cheann acu (bearta 5 agus 6). Níor tharla príobháidiú Saremar mar a tugadh tuairisc air ná mar a rinneadh measúnú air in aithrisí (149) agus (150), in aithrisí (238)-(246) agus in aithrisí (305) agus (306) de Chinneadh 2012, áfach. Ina ionad sin, rinneadh Saremar a leachtú agus cuireadh a shócmhainní agus an conradh seirbhíse poiblí amach chun tairisceana faoi thairiscintí ar leithligh.

(33) Faoi dhlí na hIodáile ([27]), a luaithe a théann cuideachta faoi leachtú, díoltar a sócmhainní agus aistrítear fáltais an díolacháin chuig a creidiúnaithe de réir rangú a n-éileamh i sceideal na ndliteanas. Ina fhianaise sin, ní mór don Choimisiún a shuí i dtosach cibé acu atá nó nach bhfuil cuspóir fós ag gabháil le leanúint leis an imscrúdú i leith Saremar. Mura bhfuil cuspóir ag gabháil leis, is gá don Choimisiún a shuí cibé a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh leanúnachas eacnamaíoch a bheith ann idir Saremar agus cuideachtaí ar bith eile, bunaithe ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais.

(34) Maidir le Saremar, tugann an Coimisiún faoi deara go ndeachaigh Saremar i mbun *concordato preventivo* an 15 Eanáir 2015, i ndiaidh Chinneadh 2014, agus gur ceapadh leachtaitheoir. Is nós imeachta é an *concordato preventivo* faoi dhlí na hIodáile arb é is aidhm dó leanúnachas gníomhaíochtaí gnó a áirithiú. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, gur cuireadh an chuideachta faoi *concordato preventivo con cessione dei beni*, i.e. nós imeachta leachtaithe a chomhaontaítear leis na creidiúnaithe chun sócmhainní na cuideachtaí a dhíol agus críoch a chur lena gnó, agus gan ach leanúnachas sealadach gníomhaíochta ag baint leis. Is breitheamh a dhéanann maoirseacht ar an nós imeachta sin ar gá dó nó di an comhaontú idir na creidiúnaithe a bhailíochtú. Sa chás seo, tugann an Coimisiún dá aire gur bhailíochtaigh Tribunale di Cagliari an comhaontú idir creidiúnaithe Saremar an 22 Iúil 2015, ina raibh leanúnachas gníomhaíochtaí ann go dtí an 31 Nollaig 2015 (féach aithris (27)). Dá bhrí sin, breithníonn an Coimisiún gur tugadh le fios sa nós imeachta a roghnaíodh go n-imeodh Saremar ón margadh ag deireadh an nós imeachta.

(35) Go deimhin, tugann an Coimisiún dá aire gur scoir Saremar dá chuid gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile an 31 Márta 2016 (féach aithris (27)), lena n-áirítear a sheirbhísí farantóireachta ar bhealaí a oibríodh ar bhonn conradh seirbhíse poiblí. Cuireadh an conradh seirbhíse poiblí ar iontaoibh Delcomar an t-am sin. An tráth céanna, díoladh a shoithí leis an gcuideachta Delcoservizi. I ndiaidh dhíolachán shócmhainní Saremar, d'ordaigh Comhairle Réigiúnach na Sairdíne an 22 Aibreán 2016 leachtú Saremar le Cinneadh Uimh. 24/23 uaithi.

(36) Ina theannta sin, chuir an Iodáil Cinneadh 2014 chun feidhme mar is ceart, cé go raibh moill ar an gcur chun feidhme sin. Cláraíodh an t-éileamh Státchabhrach dar luach EUR 10 824 309,69, móide ús aisghabhála, go hiomchuí ar sceideal dliteanas na cuideachta. As an méid sin, níorbh fhéidir ach thart ar EUR 4.4 mhilliún a íoc leis an Iodáil i ndiaidh dhíolachán shócmhainní Saremar. Mar sin féin, toisc gur tharla leachtú Saremar mar thoradh ar imeachtaí dócmhainneachta Saremar agus toisc nach bhfuil gníomhaíochtaí ar bith á n-oibriú ag an gcuideachta níos mó ([28]), chuir an Coimisiún clabhsúr go sealadach leis an nós imeachta aisghabhála i litir dar dáta an 13 Meán Fómhair 2017 a seoladh chuig an Iodáil.

(37) Bunaithe ar an méid a luaitear thuas, tugann an Coimisiún dá aire nár oibrigh Saremar aon ghníomhaíocht eacnamaíoch le breis aguss 5 bliana anuas anois, gur díoladh a chuid sócmhainní, gur scaoil sé lena chuid fostaithe, agus go mbainfear de chlár na gcuideachtaí é nuair a chríochnófar an nós imeachta leachtaithe. Tráth a scoir Saremar dá chuid gníomhaíochtaí, tháinig deireadh le haon saobhadh iomaíochta féideartha nó le haon éifeacht fhéideartha ar thrádáil a tharla de dheasca na mbeart dá dtagraítear in aithrisí (28) agus (29). Thairis sin, níor sásaíodh an t-éileamh aisghabhála ó Chinneadh 2014 ach go páirteach fós (thart ar 40 % den mhéid a bhí dlite, féach aithrisí (27) agus (36)).

(38) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire gur baineadh amach cheana an dá chuspóir dá dtagraítear thuas maidir le rialú Státchabhrach agus aisghabháil, i.e. deonú Státchabhrach neamh-chomhlíontaí a chosc agus a áirithiú go n-athbhunófaí an staid a bhí ann sular tharla an saobhadh iomaíochta de thoradh na Státchabhrach a bhí neamh-chomhlíontach leis an margadh inmheánach. Go deimhin, ní oibreoir eacnamaíoch atá gníomhach ar an margadh é Saremar a thuilleadh, tá sé faoi leachtú cheana féin, agus níorbh fhéidir éilimh Státchabhrach a shásamh ach go páirteach i ndiaidh dhíolachán shócmhainní Saremar de dheasca cistí neamh-leordhóthanacha. Dá bhrí sin, níl aon chuspóir ag gabháil le leanúint leis an imscrúdú i leith Saremar.

([27]) Regio Decreto 16 marzo 1942, n. 267, arna leasú (dá ngairtear '*Legge Fallimentare*').

([28]) Féach pointe 129 maidir leis an bhFógra ón gCoimisiún maidir le gnóthú Státchabhrach atá neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a aisghabháil, C 247/1, 23 Iúil 2019.

(39) Maidir leis an gceist a bhaineann le leanúnachas eacnamaíoch féideartha idir Saremar agus a chomharbaí, de réir an chásdlí, féadfar na tosca seo a leanas a chur san áireamh: raon feidhme an aistrithe (sócmhainní agus dliteanais, leanúnachas an lucht saothair, sócmhainní cuachta), an praghas aistrithe, aitheantas úinéirí an ghnóthais fála agus an ghnóthais bhunaidh, tráth a rinneadh an t-aistriú (tar éis thús an imscrúdaithe, tionscnamh an nós imeachta nó an cinneadh críochnaitheach) agus loighic eacnamaíoch an idirbhirt ([29]).

(40) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún faoi deara go ndearna sé measúnú cheana, mar chuid den nós imeachta aisghabhála le haghaidh chur chun feidhme Chinneadh 2014, maidir lenar cheart an oibleagáid chun an chabhair a deonaíodh do Saremar a aisíoc a leathnú go dtí gnóthais eile ar féidir go n-aistríodh sócmhainní nó gnó an tairbhí chucu. Go deimhin, ghlac an Coimisiún leis sa nós imeachta aisghabhála sin go ndíreofar an oibleagáid aisghabhála ar Saremar amháin, agus cuireadh leanúnachas eacnamaíoch le Delcomar nó le Delcoservizi ("na comharbaí", le chéile) as an áireamh, ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) oibriú seirbhísí farantóireachta ar bhealaí ar bhonn conradh seirbhíse poiblí agus sannadh na long trí bhíthin dhá thairiscint thrédhearcacha, phoiblí, neamh-idirdhealaitheacha ar leithligh;

(b) Scaoileadh le lucht saothair Saremar agus níor athfhostaigh na comharbaí iad ach go páirteach ([30]);

(c) is oibreoirí príobháideacha iad na comharbaí, fad is gur le Réigiún na Sairdíne 100 % de Saremar, agus dá bhrí sin níorbh fhéidir aon ghaol a shuí idir díoltóir agus ceannaitheoir na sócmhainní.

(d) is cinntí margaidh iad na cinntí infheistíochta nó na cinntí tairisceana a dhéanann na comharbaí.

(41) Ón tráth a cuireadh clabhsúr go sealadach leis an gcás aisghabhála, níor tháinig aon fhaisnéis eile chun solais don Choimisiún lena bhféadfaí a chur ina luí air a bharúil faoin gceist seo a athrú. Dá bhrí sin, is féidir leanúnachas eacnamaíoch idir Saremar agus Delcomar nó idir Saremar agus Delcoservizia a chur as an áireamh bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún bearta leantacha maidir le leachtú Saremar fós, go dtí go mbainfear den chlár trádála é. Is é sin amháin a thabharfaidh caoi don Choimisiún clabhsúr cinnte a chur le nós imeachta aisghabhála Chinneadh 2014 ([31]).

(42) Sa chomhthéacs sin, i bhfianaise leachtú Saremar agus na heaspa leanúnachais eacnamaíoch lena chomharbaí, níl aon chuspóir ag gabháil a thuilleadh leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil maidir leis na bearta atá fós amuigh a deonaíodh i bhfabhar Saremar nó a chomharbaí, a tionscnaíodh faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 108(2) CFAE.

(43) Ní bhaineann an Cinneadh seo le saincheisteanna ar bith eile a chumhdaítear faoi Chinntí 2011 agus 2012 ([32]) ná le saincheisteanna ar bith eile a chuir páirtithe leasmhara faoi bhráid an Choimisiúin le linn an imscrúdaithe arna thionscnamh faoi na Cinntí sin, ná ní dhéantar réamhbhreithiúnas sa Chinneadh seo ar na saincheisteanna sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, cuirtear deireadh leis an nós imeachta a tionscnaíodh faoin gcéad fhomhír d'Airteagal 108(2) CFAE an 5 Deireadh Fómhair 2011 agus a fadaíodh an 19 Nollaig 2012 i leith Saremar agus a chomharbaí.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

([29]) Cás T-121/15 *Fortischem a.s. v. An Coimisiún*, ECLI:AE:T:2019:684, mír 208.
([30]) Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún, bheadh níos lú ná 20 % de lucht saothair Saremar fostaithe ag Delcomar.
([31]) Féach pointí 136 go 140 maidir leis an bhFógra ón gCoimisiún maidir le gnóthú Státchabhrach atá neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach a aisghabháil, C 247/1, 23 Iúil 2019.
([32]) Féach aithrisí (6) agus (8) den Chinneadh seo;

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Comhalta den Choimisiún